Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Eanáir 2025
(OR. en)

5692/25
PV CONS 2
AGRI 33
PECHE 17

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Talmhaíocht agus Iascach)

27 Eanáir 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5367/1/25 REV 1.

**2. Formheas na míreanna ‘A’**

**Liosta neamhreachtach** 5542/25

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3. Clár oibre na hUachtaránachta** [F2]
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*

Thíolaic an Cathaoirleach Clár Oibre Uachtaránacht na Polainne a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha Talmhaíochta agus Iascaigh.

TALMHAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**4. Rialachán maidir le forfheidhmiú trasteorann rialacha i gcoinne cleachtais éagóracha trádála** [1][C] 16776/24
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne an Coimisiún maidir leis an dá thogra reachtacha agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

**5.** **Rialachán lena leasaítear Rialachán chomheagrú na margaí aonair a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia** ❶C 16779/24
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Pléadh mír 5 agus mír 4 le chéile.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**6.** **Athbhreithniú riachtanach ar an nós imeachta maidir le himréiteach feidhmíochta, ar an ollstruchtúr glas agus riachtanais bhreise maidir le simpliú** F2 5544/25 + COR 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sna doiciméid thuas í agus barúlacha an Choimisiúin agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

7. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil 5571/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

**8.** **Iascach**

**a)** **Bainistiú iascaigh sa Mheánmhuir Thiar: gníomhaíochtaí dlíthiúla agus eolaíocha** F2 5607/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Spáinn, ón bhFrainc agus ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a thug an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil maidir leis an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na gnéithe dlíthiúla agus eolaíocha den phlean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar. Thug sí dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisinéir.

**Talmhaíocht**

**b) Ráig an ghalair crúb is béil (FMD) sa Ghearmáin (Brandenburg)** 5574/25
*Faisnéis ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a thug an Ghearmáin maidir le ráig an ghalair crúb is béil sa Ghearmáin.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

c) Cleachtais chothroma trádála idirnáisiúnta le haghaidh feirmeoirí, go háirithe maidir le lamháltais allmhairiúcháin d'fhuíll táirgí um chosaint plandaí a rialaítear san Aontas 5590/25
*Faisnéis ó Lucsamburg, le tacaíocht ón mBulgáir, ón Spáinn, ón bhFrainc ón Liotuáin, ón Ostair agus ón tSlóivéin*

**d) An t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí orgánacha agus ar phróiseálaithe orgánacha a laghdú** 5499/25
*Faisnéis ón nGearmáin, le tacaíocht ón mBeilg, ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Danmhairg, ón Eastóin, ó Éirinn, ón nGréig, ón bhFrainc, ón gCróit, ón gCipir, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ungáir, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an nóta faisnéise a thug an Ghearmáin agus a leagtar amach sa doiciméad thuas agus na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

**e) An gá cleachtais éagóracha trádála a chomhrac ar bhealach níos fearr agus an mí-úsáid ceannasachta a dhéanann gníomhaithe áirithe i slabhra an tsoláthair bia a chosc** 5615/25
*Faisnéis ón tSlóvaic le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón Ungáir, ón Liotuáin, ón Rómáin agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a thug an tSlóvaic, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas í, agus na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

f) **Litir chomhpháirteach ó Airí MED9 maidir leis an ngá atá le hullmhacht agus freagairt ar rioscaí méadaithe an athraithe aeráide i réigiún na Meánmhara.** [F2] 5524/25
*Faisnéis ón gCipir thar ceann na Gréige, na Spáinne, na Fraince, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, Mhálta, na Portaingéile agus na Slóivéine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a thug an Chipir agus mar a leagtar amach sa doiciméad thuas í. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.